



Bí bródúil as do theanga

# An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile


Fómhar 2022  
1-03-2022

## Ar Ais Sa Seomra Ranga

**B**íonn fuinneamh agus fócas an Chumainn sna ranganna na laethanta seo agus beidh muid ar ais (i láthair) sa seomra ranga ag tús téarma 2 (26 Aibreán), ag an leabharlann/ionad pobail Kathleen Syme, 251 Sráid Faraday, Carlton.

Beidh bunrang agus meánrang ar siúl ansin Dé Máirt. Fuair muid múinteoir nua an téarma seo, Cathy Caprani (née Mullen), agus tá sí i mbunrang na dtosaitheoirí Dé Céadaoin. Fanfaidh na ranganna Dé Céadaoin agus ardrang Dé Máirt ar líne.

Ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig i nGairdíní Dhún Éidean, Fitzroy Thuaidh ar an Domhnach 20 Márta. Tar éis tamaill fhada, ní raibh drogall ar theaghlaigh Éireannacha teacht ar ais don traidisiún an lá a chomóradh sna



CD Nua, leathanach 2

gairdíní. In éinneacht leis an gceol agus an damhsa, bhí an Cumann i láthair ag díol t-léinte is leabhar agus ag freagairt ceisteanna faoi fhoghlaim na Gaeilge. Bhí sé go hálainn bheith páirteach san ócáid arís.

An píosa nuachta is tabhachtaí is dócha ná seoladh oifigiúil an leabhair *Gaeilge Ghriandóite* ag an Limer-

ick Arms, Dé Domhnaigh 3 Aibreán. Gan dabht, beidh fógra san eagrán seo leis na sonraí uilig. Tar chuig an ócáid más féidir, chun tacaíocht a thabhairt do na húdair!

Beir bua agus beannacht

Christine Shelley & Seán Ó Séaghdha

## San Eagrán Seo..

<i>From our committee</i>	1
<i>CD na Míosa</i>	2
<i>Sounds and Spelling</i>	3
<i>Stádas Oifigiúil</i>	4-5
<i>Conradh na Gaeilge NZ</i>	6-7

*Liftout - Flyer for booklaunch event*

[www.gaeilge.org.au](http://www.gaeilge.org.au)

**Check our website for the latest news about classes and Irish language events around Australia**

## CD na Míosa "Allt"

Ireland and Scotland may be separated by the North Channel but they are also linked by a stream of inter-Celtic partnerships, leagues, festivals and initiatives. *Allt*, a collaborative album by two Celtic music power couples, is a grand example of this movement, a collection of new tunes put to old and new poetry in Irish and Scottish Gaelic—minority languages in their own lands that might have become more endangered if their speakers and especially artists didn't offer constant mutual encouragement.

The creators of this splendid recording are: From Inverness, Julie Fowles, one of the great voices of Scottish song, and her Irish-born husband Éamon Doorley, master of bouzouki and fiddle; and from County Louth, Irish fiddle and classical violin virtuoso Zoë Conway and husband John Mc Intyre, a renowned traditional guitarist.

Primary talents aside, this is a renaissance album on which everyone reaches higher, all composing, all singing, all bestowing added value on songs of cheer and woe, sometimes intertwined—as in *Faoiseamh a Gheobhadsa* (I Will Find Solace), with the reassuring phrase “among my people” that may stand for family or community.

Mourning connects the Celtic realms in *Piuthrag Nam Piuth'r* (Sister, My Sister), bearing cruel tidings from Ireland to Scotland. The pace quickens delightfully in the medley *Na Hù Bhithinn/Hò Rò Na Priobaidean* (I Would Be.../The Trifling Things), about a girl who runs off with a soldier and some frivolous gifts that may have larger meaning based on their provenance. Joy almost aches in the a cappella *An tEarrach Thiar* (Spring in the West,), bulging with the season's sounds,

sights and sensations. Spring is also an apt symbol for the new season of Scottish Gaelic and Irish, with the artists of *Allt* and kindred projects nourishing the currents of linguistic tides. (text courtesy of Machair Records)

**Allt** (in Scottish Gaelic, “stream”)

Julie Fowles : Vocals, whistles

Éamon Doorley: Bouzouki, vocals, fiddle

Zoë Conway: Fiddle, whistle, vocals

John Mc Intyre: Guitar, piano, vocals

Faoiseamh a gheobhadsa

Seal beag gairid

I measc mo dhaoine

Ar oileán mara,

Ag siúl cois cladaigh

Maidin is tráthnóna

Ó Luan go Satharn

Thiar ag baile

Faoiseamh a gheobhadsa

Seal beag gairid

I measc mo dhaoine

Ó chrá chroí,

Ó bhuairt aigne,

Ó uaigneas dhuairc

Ó chaint ghontach

Thiar ag baile

## Sounds and Spelling Explained

**N**ancy Stenson is well known in Irish language teaching circles. A founder member and frequent conference speaker for the North American Association of Celtic Language Teachers (NAACL) she has authored two widely used textbooks, *Basic Irish* and *Intermediate Irish*, published by Routledge in 2007 and also a reference book *Modern Irish : A Comprehensive Grammar*, published in 2019.

She is currently an emeritus professor at the University of Minnesota and from 1995 to 2007 was co-editor of *The Journal of Celtic Language Learning*.

In 2015 Nancy, together with Tina Hickey, published a series of short papers outlining how the sounds and spelling of Irish can be systematically explained for the benefit of language learners.

Aided by a grant from An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) the original papers have now morphed into a 132 page book (English version) or 141 pages (Irish Version). The English title is *Understanding Irish Spelling : A Handbook for Teachers and Learners*.

The Irish title is *Tuiscint ar Litriú na Gaeilge : Lámhleabhar do Mhúinteoirí agus d'Fhoghlaimoirí*. Both versions are available as free downloads from the COGG website.

So how does it stack up and is it worth using with our students ?

Before delving in, remember that explanations of sounds and spelling can vary by country and accent, so what works in the USA is not always transferable to Australia or elsewhere. But that said, a competent teacher will quickly spot those places where a better example could be used and will plan accordingly.

As expected, the book works through the broad and slender consonants, then the long and short vowels, and along the way tackles initial mutations, consonant clusters, minimal pairs and diphthongs.

One shortcoming is the large amount of introductory material that takes up the first 4 chapters. This mainly serves to underscore the background to the current work and concludes with definitions of the terminology used including phonemes, graphemes and the International Phonetic Alphabet (IPA). So it's really only from chapter 5 onwards that things start taking shape and we


start seeing how things work.

But overall it's an impressive book, even if it does in places betray its origins as a scholarly work for an academic audience. One useful feature that you will rarely find in other similar textbooks is an entire chapter (chapter 8) devoted to a discussion of irregularities and of dialect variations. There is also a chapter of student exercises which really get to the heart of the matter and test your understanding.

It would be difficult to use this book on its own directly as a class text, sound files would be a big help so students can listen at home. But luckily there is a 15 minute video by Karen Reshkin on YouTube which covers much of the same ground.

*\*Some years ago Nancy compiled a set of exercises to go along with the book by Michael O'Siadhail entitled Learning Irish. They are highly recommended for anyone using that particular textbook and can be viewed online or downloaded for free from.....*

<http://phouka.com/stenson/intro.htm>



## Stádas Iomlán Oifigiúil ag an nGaeilge san Aontas Eorpach

**T**odhchaí nua ar leic an dorais don Ghaeilge agus beidh stádas iomlán oifigiúil ag an teanga anois in Institiúidí an Aontais Eorpaigh

Cuirfear deireadh ag meánoíche anocht (31 Nollaig 2021) leis an maolú a bhí i bhfeidhm ar stádas na Gaeilge sna hInstitiúidí Eorpacha agus beidh sí anois ar chomhchéim le teangacha oifigiúla eile an AE. Is ar an 1 Eanáir 2007 a tugadh stádas oifigiúil agus oibre don Ghaeilge ach bhí socrú maolaithe i bhfeidhm ó shin i leith, mar gheall ar ghanntanas foirne aistriúcháin, a chuir srian ar an méid ábhair a aistríodh go Gaeilge.



**Dúirt Príomh-aire an Rialtais agus Aire Stáit don Ghaeltacht agus don Spórt, an Teachta Dála Jack Chambers:** “Céim rithábhachtach i bhforbairt agus todhchaí na Gaeilge is ea an deireadh leis an maolú ar stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach. Tá an Ghaeilge anois ar chomhchéim le teangacha oifigiúla eile an AE agus daingeoidh sé seo an caidreamh idir an saoránach agus na córais riaracháin Eorpacha. In éineacht le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 a shínigh Uachtarán na hÉireann an tseachtain seo caite, tá ról na Gaeilge sna córais riaracháin náisiúnta agus Eorpacha treisithe go mór anois.” “Tá creidiúint nach beag ag dul do na hInstitiúidí Eorpacha agus d’fhoireann mo Roinne as na struchtúir agus áiseanna cuí a chur ar bun lena aghaidh seo. Togra uaimhianach a bhí ann ar an gcaoi sin, ach mar gheall ar an dlúthchomhar idir Institiúidí AE, Rialtas na hÉireann agus geallsealbhoirí faoin Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge i measc mórán tionscnamh agus tograí eile, tá na hInstitiúidí Eorpacha réidh anois chun tabhairt faoin tsraith iomlán ábhair a aistriú go Gaeilge in éineacht le teangacha oifigiúla eile an AE.”

Teanga chonartha a bhí sa Ghaeilge nuair a rinneadh Ballstát d’Éirinn in 1973, rud a chiallaigh nár aistríodh go Gaeilge ach conarthaí an AE. Rinne Rialtas na hÉireann iarratas in 2005 go ndéanfaí teanga oifigiúil agus oibre den Ghaeilge agus bronadh an stádas sin uirthi ar an 1 Eanáir 2007. Mar gheall ar an nganntanas acmhainní ag an tráth sin, idir fhoireann aistriúcháin agus áiseanna teicneolaíochta Gaeilge, maolaíodh scóp an stádas agus ba shraith theoranta doiciméad a bhí othas in ann a aistriú go Gaeilge.

Thug an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, i gcomhar leis na hInstitiúidí Eorpacha, faoi roinnt tionscnamh faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge chun go mbeifí in ann an bhearna seo a líonadh, bearta amhail an Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge, Scéim Intéirneachta, an tionscadal téarmaíochta LEX/IATE agus tionscnaimh dhigiteacha agus theicneolaíochta. Mar thoradh air seo, tá breis agus 170 ball foirne Gaeilge sna hInstitiúidí Eorpacha inniu agus iad ag baint leas as áiseanna amhail bunachair téarmaíochta, innill mheaisínáistriúcháin agus bogearraí aistriúcháin ríomhchuidithe chun an tsraith iomlán doiciméad a aistriú go Gaeilge. Méadófar an líon foirne sin go c. 200 go luath in 2022.

Mar thaca dóibh siúd a bheidh ag cur isteach ar phoist teanga leis an AE amach anseo, tá ábhar tacaíochta á chur ar fáil i nGaeilge ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chomh maith mar a bhaineann sé leis na trialacha earcaíochta EPSO de chuid an Aontais Eorpaigh.

Tá úsáid na Gaeilge ag leibhéal oifigiúil mar chuid lárnach de na hiarrachtaí atá ar bun chun a chinntiú go mbeidh an teanga in úsáid ag glúnta amach anseo. Tá sé an-tábhachtach do Rialtas na hÉireann go mbeidh an Ghaeilge ina teanga oibre iomlán in Institiúidí an Aontais Eorpaigh agus bhí an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gcónaí tiomanta do dheireadh a chur le maolú ar úsáid na Gaeilge mar theanga oifigiúil agus oibre an Aontais Eorpaigh.

Mar chuid den obair sin, tá tionscnaimh éagsúla curtha ar bun ag an Roinn agus Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin chun cur leis na hacmhainní Gaeilge atá ar fáil mar thacaíocht do na seirbhísí teanga san AE. Le blianta beaga anuas, tá tuilleadh forbartha déanta ar an tionscadal téarmaíochta LEX/IATE, tionscadal atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann, agus tháinig méadú leanúnach ar bhanc idirinstiúideach na gcuimhní aistriúcháin. Ina theannta sin, ullmháidh comhaontú idir an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na hÉireann chun corpais dhátheangacha reachtaíochta náisiúnta na hÉireann a chomhroinnt, agus tá an obair sin ag treabhadh ar aghaidh anois.

Mar thoradh ar an obair shuntasach seo, tá méadú déanta ag an Aontas Eorpach ar líon na mball foirne Gaeilge agus tá os



cionn 170 duine ag obair sna seirbhísí teanga anois. Méadófar an líon foirne sin go c. 200 go luath in 2022.

### **Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht**

Is é fócas na Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge maoiniú a chur ar fáil do réimse leathan tionscnamh Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus thar lear. Tá na deontais dírithe go príomha ar eagraíochtaí nó ar ghrúpaí a oibríonn lasmuigh den Ghaeltacht. Titeann na tacaíochtaí curtha ar fáil ag an Roinn le deireadh a chur leis an maolú faoi scáth na Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge. Sonraithe thíos, tá na beartais éagsúla a cuireadh ar bun ar mhaithe le deireadh a chur leis an maolú:

#### **Aistritheoirí Óga**

Eagraíonn an Coimisiún Eorpach i gcomhar leis an Roinn an comórtas aistriúcháin, 'Aistritheoirí Óga'. Tá an comórtas oscailte do dhaltáí ar fud na hÉireann atá 15 bliana d'aois ar an 1 Meán Fómhair (den bhliain acadúil) agus a bhfuil sé de chumas iontu aistriúchán a dhéanamh ó Bhéarla go Gaeilge, nó ó cheann de 5 theanga Eorpacha eile go Gaeilge. Tá trí sprioc ag an gcomórtas: ardchaighdeán Gaeilge a chur chun cinn, ilteangachas a spreagadh i measc daltaí meánscoile agus spéis daltaí i ngairmeacha teanga a mhúscailt.

#### **Seó Bóthair/Gluaiseacht**

Tá an Roinn ag cur maoiniú ar fáil don 'Seó Bóthair' atá ar bun ag Conradh na Gaeilge ó 2017. Anois tá forbairt déanta ar an bhfeachtas 'Seó Bóthair' le ceardlanna idirghníomhacha a mbíonn cluichí, plé agus díospóireacht iontu chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhealach taitneamhach. Cuirtear na daoine óga ar an eolas maidir lena gcearta teanga, seirbhísí teanga agus deiseanna fostaíochta in Éirinn agus san Aontas Eorpach. Déantar iad seo trí fhíscomhdhálacha mura féidir taisteal de bharr shrianta COVID-19.

#### **Tionscnaimh dhigiteacha agus theicneolaíochta**

Tacaíonn an Roinn le tionscnaimh dhigiteacha agus theicneolaíochta a chabhraigh go mór le deireadh a chur leis an maolú, ina measc:

#### **Téarmaíocht san AE – LEX, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.**

Bunachar sonraí a fhorbairt chun téarmaíocht Ghaeilge a bhaineann leis an AE agus téarmaíocht maidir le hlonstraimí Reachtúla na hÉireann a chur ar fáil ar bhunachar d'Institiúidí an AE agus d'aistritheoirí Gaeilge i gcoitinne.

#### **Líonra Saineolaithe Náisiúnta, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.**

Tá an Roinn ag obair le hInstitiúidí an AE chun líonra de shaineolaithe téarmaíochta fearainn a labhraíonn Gaeilge a thógáil in Éirinn. Tá maoiniú ar fáil do DCU chun cabhrú le líonra a chruthú.

#### **Scéim Intéirneachta in Institiúidí an Aontais Eorpaigh**

Tá scéim intéirneachta in Institiúidí an Aontais Eorpaigh á riar ag an Roinn i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste na Réigiún agus Oifig na bhFoilseachán. Tá an scéim dírithe ar dheiseanna a thabhairt do chéimithe socrúcháin oibre a fháil i réimse speisialtóireachta an aistriúcháin agus na prófléitheoireachta. Cuireann an scéim le cuspóir an Rialtais gach cúnaimh agus tacaíocht a sholáthar don Aontas Eorpach agus an cinneadh á chur i bhfeidhm chun an Ghaeilge a dhéanamh mar theanga oibre agus oifigiúil san AE mar atá leagtha amach sa Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Ceaptar suas le deichniúr ina iomláine ar feadh tréimhse 10 mí ag tosú i mí Dheireadh Fómhair gach bliain.

#### **An tIonad Náisiúnta Barr Feabhais do Ghairmeacha san Aontas Eorpach**

Tá ról lárnach ag an Ionad Náisiúnta Barr Feabhais mar Ghrúpa Stiúrtha chun cur chuige comhordaithe a bheith ann maidir le hoideachas na mac léinn ar mhian leo dul ag obair san Aontas. Is iad na hInstitiúidí tríú leibhéal na hoideachasóirí agus na saineolaithe ar riachtanais Institiúidí an Aontais agus tá ról criticiúil ag an Ionad mar phointe teagmhála anois ag Institiúidí an Aontais ar mhian leo daoine a fhósta ar chonarthaí sealadacha.

#### **Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge**

Tá soláthar cohóirt daoine cáilithe le scileanna Gaeilge chun cabhrú le freastal ar riachtanais earcaíochta san AE á bhaint amach tríd an Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge faoina soláthraíonn an Roinn maoiniú do 12 chúrsa Gaeilge tríú leibhéal speisialaithe i réimsí amhail aistriúcháin, léirmhíniú agus dlí.

Tá an lámhleabhar 'The Ultimate EU Testbook – Administrators 2020' á n-aistriú ag Ollscoil na hÉireann, Gailimh le tacaíocht na Roinne, mar áis dóibh siúd a bhfuil suim acu cur isteach ar chomórtais EPSO agus tá caibidil a trí ar fáil ag an nasc seo a leanas: <http://www.acadamh.ie/acadamh/tionscadail/tastail-eps0-abhar-tacaiochta/>

#### **An Ghaeilge san Aontas Eorpach – Maolú**

Ghlac an Coimisiún leis an tuarascáil dar teideal 'An Ghaeilge san AE: ar an mbóthar go stádas iomlán faoi 2022' ar an 21 Meitheamh 2021 – baineann an tuarascáil seo leis an acmhainneacht chun doiciméid agus reachtaíocht an Aontais a aistriú go Gaeilge.

Tá tuilleadh eolais faoin tuarascáil seo ar fáil ag an nasc seo: <https://ec.europa.eu/info/news/irish2022>.

\*\*\*\*\*

## Conradh na Gaeilge sa Nua-Shéalinn

**K**ia ora koutou,

Tá áthas orm go bhfuilim in ann a fhógairt go bhfuil craobh nua de Chonradh na Gaeilge bunaithe againn anseo sa Nua-Shéalainn, an chéad chraobh sa tír le níos mó ná 100 bliain. Cosúil leis an Astráil, tháinig na mílte Éireannaigh anseo ag deireadh na 19ú haoise ar thóir óir agus chun saol níos fearr a bhaint amach. Ar ndóigh tháinig cuid mhaith acu díreach ó Victoria ag an am. Bunaíodh craobhacha de CnaG in Milton agus Balclutha san Oileán Theas, ach chuaigh gach rud in éag, agus is beag an rian atá fágtha ag an teanga sa tír anois. Tá ré nua linn faoi láthair áfach, agus borradh mór tagtha ar an bpobal Éireannach i ndiaidh an ghéarchéim eacnamaíochta- daoine a bhfuil ceangal nua acu leis an teanga agus a bhíonn ag iarraidh í a úsáid cé go bhfuil siad ar an taobh eile den domhan. Go deimhin, is féidir cosúlachtaí a aithint idir an Ghaeilge agus teanga bundúchasach na tíre seo chomh maith, Te Reo Māori, teanga atá faoi bhrú le fada an lá, agus is é ceann de na spriocanna atá againn sa chraobh ná cabhair a thabhairt d'athbheochan na teanga sin chomh minic agus is féidir.

Maidir liom féin, táim sa tír le fiche bliain anuas. Tháinig mé i 2002 chun bliain nó dhó a chaitheamh agus sos beag a thógaint ó na coinníollacha oibre in Éirinn, ach mar a tharlaíonn go minic, bhí sé níos easca fanacht ná filleadh ar ais. Níl ach Gaeilge na hArdeiste agam agus níor chuir mé dhá fhocal le chéile ó d'fhág mé an scoil san nóchaidí. Nuair a bhíomar ag maireachtaint in Melbourne cúpla bliain ó shin, bhíos sa bhaile leis na leanaí agus don chéad uair riamh, bhí beagáinín ama agam don chéad uair riamh agus chuaigh mé chuig roinnt de na himeachtaí a bhí curtha ar siúl ag Gaeilge na hAstráile, Daonscoil an tSamhraidh 2018 san áireamh.

Bhí sé socraithe againn filleadh ar ais ar an Nua-Shéalainn agus ar intinn agam nach raibh a leithéid anseo. Ach bhí níos mó ar eolas agam chomh maith- má tá Éireannaigh sa tír, gan dabht beidh Éireannaigh a bhfuil spéis acu sa teanga ann. Agus sin mar a tharla- chuireamar grúpa beag le chéile in Christchurch i 2019, leathnaíomar amach ar Zoom le linn na paidéime i 2020 agus 2021, agus le cabhair ón Ambasáid nua againn, bhíomar in ann gach rud a chur i gcrích ag deireadh na bliana seo caite agus tús a chur leis an gcráobh go foirmeálta ag ócáid iontach in Wellington.



**Alofa Aiono, Dr Elizabeth Kerekere MP, Teresa Ryan agus an tAmbasadóir Peter Ryan ag seoladh na craobhe in Wellington.**

Tá sé ar intinn againne freastal ar trí chineál pobail. Ar dtús, Éireannaigh: iad atá sa tír le fada an lá agus iad nach mbeidh anseo ach ar feadh tréimhse shealadach. Tagann agus imíonn daoine, ach má tá an deis acu an teanga a úsáid anseo agus bladhaire na Gaeilge a choimeád lasta, beidh sé níos fearr dóibh siúd a fhilleann ar ais ar Éirinn, gan trácht ar an sult a bhainimid go léir as an teanga a labhairt.

Tá spéis ag muintir Aotearoa i gcúrsaí na hÉireann i gcónaí agus sin an dara pobal — iad siúd anseo atá ag iarraidh an teanga a fhoghlaim agus b'fhéidir an nasc sin lena n-oidhreacht a threisiú. Agus an tríú pobal? Sin é an pobal Māori. Aithnímid an tábhacht atá ag baint le Te Reo Māori, agus na cosúlachtaí agus difríochtaí idir an Reo agus an Ghaeilge.

Caithfidh foghlaim óna chéile, agus mura bhfuilimid in ann ach rud amháin a bhaint amach leis an gcráobh nua seo, bheimis sásta gurbh é sin an méid tacaíochta agus is féidir linn a thabhairt do shlánú na teanga ársa Māori. Is ionann tacaíocht a thabhairt do mhionteanga amháin, agus do mhionteangacha ar fud an domhain.

Cuireadh spéis mhór sa chraobh nua seo in Éirinn, n'fheadar cén fáth- is dócha go mbíonn an Nua-Shéalainn i mbéal an phobail le cúpla bliain anuas, de bharr an phríomhaire nua anseo agus conas a láimhseálar an phaindeim go dtí seo. Bhíomar in



ann alt a scríobh don [iris fhíorúil Nós](#), bhí alt beag fúinn i Seachtain san Indo, agus bhíos féin ábalta labhairt le Pádraig Ó Sé ar a chlár [RnaG "Eachtraigh Dom"](#).

Dhá rud eile- aithnímid an ceangal idir an tír seo agus an Astráil, agus beidh fáilte is fiche roimh gach éinne thall ansin dul i dteagmháil linn, nó clárú linn (saor in aisce, go deimhin!) chun an nuacht anseo a fháil uainn. Beidh an teorainn oscailte arís go luath agus má tá éinne agaibh ag taisteal agus fonn oraibh Gaeilge a labhairt nó eolas a fháil ar na grúpaí comhrá agus imeachtaí ar fud na tíre, níl le déanamh ach teachtaireacht a chur chugainn (aotearoa@cnag.ie nó ar an suíomh <http://www.cnag.org.nz>).

Tá moill bheag curtha ag Omicron ar na cruinnithe sa bhfíorshaol go ceann tamaill, ach beidh sraith cainte ar líne á eagrú againn faoin ábhar "athrú aeráide agus mionteangacha" agus arís beidh fáilte roimh gach éinne ar fud na cruinne chucu siúd- sonraí ag teacht go luath!

Tá súil agam go gcabhróidh áit lárnach le cur chun cinn na teanga anseo, agus go mbeimid in ann ár gcuid bheag féin a dhéanamh ar son na teanga. Táimid fíorbhuíoch as an gcaibhair a fhuairamar ón Ambasáid agus ón bpobal go ginearálta, agus i mo chás féin, as an bhfáilte a chuir Cumann Gaeilge na hAstráile chugam i 2018!

Diarmaid Coffey



**F**rom our committee.....

The Cumann's energy and focus is on the classes these days and we'll be back (physically) in the classroom at the beginning of Term 2 (26 April), at the Kathleen Syme library/community centre, 251 Faraday Street, Carlton. There will be a beginners and an intermediate class there on Tuesdays. We gained a new teacher this term, Cathy Caprani (nee Mullen) and she's taken charge of the Wednesday beginners class. The Wednesday classes and the advanced class will remain online.

St. Patrick's day was celebrated in the Edinburgh Gardens, North Fitzroy on Sunday 20 March. After a long break, Irish families were eager to get back to the tradition of celebrating the day in the gardens. Along with the music and dancing, the Cumann was present, selling t-shirts and books and answering questions about learning Irish. It was lovely to be part of the event once again.

Probably the most important piece of news is the official launch of the book *Gaeilge Ghriandóite*, at the Limerick Arms on Sunday 3 April. No doubt there'll be an advert in this issue with all the details. Come along if you can to support the authors!

Christine Shelley & Seán Ó Séaghdha

\*\*\*\*\*

*Cumann Gaeilge na hAstráile Teo**IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.*

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a not-for-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. The Cumann is non-political and non-sectarian. Its aim is to promote the Irish language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Celtic language groups.

Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., P.O. Box 594 North Melbourne VIC, 3051

**This form can be used for membership renewal or to notify a change of details.  
New members should use the form available on our website [www.gaeilge.org.au](http://www.gaeilge.org.au)**

Renewal       Update

Sloinne .....  
(surname)

Guthán bh) .....  
(phone)

Céad ainm .....  
(first name)

ah) .....

Seoladh .....  
(address)

Fón .....  
(mobile)

.....

Ríomhphost .....  
(email)

Membership fee is \$45 per annum and due each January. Class donation is \$5 per week.